Ráthaíocht íocaíochta dleachtanna agus cánacha Máil nó CTF le comhlánú ag an Ráthóir

**Chuig: Na Coimisinéirí Ioncaim, An Rannóg na gCustam,
Aonad Cuntasaíochta ríomhChustaim, Oifigí an Rialtais, An tAonach,
Contae Thiobraid Árann, E45 T611.**

Uimh. Uimhir **IE** | | | | | | | | | | | TAN, má tá ceann acu cheana féin | | | | | | | | | |

TÁ NA RANNÁIN SEO A LEANAS LE COMHLÁNÚ AG AN RÁTHÓIR

Ainm agus Seoladh an Ráthóra ("an Ráthóir" as seo amach)

Stampa an Ráthóra

Uimhir Fóin

seoladh ríomhphoist

I gcomaoin na Coimisinéirí Ioncaim ("na Coimisinéirí" as seo amach) ligean go n-íocfaí na dleachtanna agus na cánacha sonraithe lastall, iníoctha ag

Ainm an Iarratasóra
("Ag trádáil mar" más cuí)
agus seoladh

le hiarchur chuig na laethanta cuí sonraithe lastall, ráthaíonn an Ráthóir leis seo an íocaíocht leis na Coimisinéirí, ar na laethanta cuí sonraithe, i ndáil le gach ceann agus le gach suim a bhfuil iarchur na híocaíochta ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim ina leith le linn shaolré na ráthaíochta seo.

Maidir le haon am nó cead eile a dheonaíonn na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le híoc aon suime nó le comhlíonadh aon choinníoll nó loiceadh íocaíocht a bhailiú nó a éileamh i leith aon suime iarchurtha, ní bheidh aon éifeacht acu ar aon bhealach ar an ráthaíocht seo.

Maidir le dliteanas iomlán an Ráthóra faoin ráthaíocht seo i ndáil le dleachtanna agus cánacha a iarchuirtear in aon mhí féilire amháin, ní sháróidh sé an tsuim:

Suim i bhfocail

Suim i bhfigiúirí

€

ar an gcoinníoll nach sáróidh dliteanas foriomlán an Ráthóra 2 oiread na suime a shonraítear thuas. Mura dtugann an Ráthóir fógra níos lú ná seacht lá i leith fhoirceannadh na ráthaíochta seo do na Coimisinéirí de bhun fógra dá leithéid a chur tríd an bpost cláraithe chuig na Coimisinéirí ag an seoladh a thugtar thuas, scoirfear gach dliteanas de chuid an Ráthóra ina dhiaidh seo faoin ráthaíocht seo ó dháta éaga an fhógra sin, nó ó dháta níos túisce ná sin taobh istigh de thréimhse fógra dá leithéid a fhéadann na Coimisinéirí a cheadú, seachas i leith aon dliteanas a thagann aníos faoi seo roimh an dáta sin, agus ar an gcoinníoll nach scoirfear an dliteanas uile faoi seo ina iomláine ach amháin má dhéantar éileamh faoi seo taobh istigh de thrí mhí féilire ón dáta sin.

Chun críocha na ráthaíochta seo, is Teagmhas Mainneachtana gach ceann de na teagmhais seo a leanas

1. Neamhíocaíocht - sa chás go loiceann an Trádálaí Máil Údaraithe/Trádálaí Údaraithe aon mhéid atá dlite faoi na hoibleagáidí ráthaithe a íoc nuair a thagann an céanna chun bheith dlite agus iníoctha, cibé acu ag aibíocht, trí luathú nó ar shlí eile, agus go leanfaidh an loiceadh sin ar feadh tréimhse 7 lá tar éis fógra i scríbhinn a thabhairt don Trádálaí Máil Údaraithe/Trádálaí Údaraithe agus don Ráthóir.

2. Dócmhainneacht - sa chás go dtiocfaidh an Trádálaí Máil Údaraithe/Trádálaí Údaraithe nó an ráthóir chun bheith dócmhainneach, go n-admhaíonn siad i scríbhinn nach bhfuil siad in ann fiacha a íoc de réir mar a thagann siad chun bheith dlite, go ndéanann siad sannadh ginearálta ar mhaithe le creidiúnaithe nó go gcomhdaíonn siad le haghaidh féimheachta nó faoiseamh den chineál céanna faoi aon dlí dócmhainneachta is infheidhme.

3. Mífhaisnéis - sa chás go gcruthófar go raibh aon mhífhaisnéis nó baránta a rinne an ráthóir i dtaca leis an ráthaíocht seo bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha nuair a rinneadh.

Ar aon Teagmhas Maineachtana a tharlóidh, tiocfaidh na hoibleagáidí ráthaithe chun bheith dlite agus iníoctha láithreach agus beidh sé d'oibleagáid ag an ráthóir an céanna a íoc gan éileamh ná fógra breise.

Cuirfear tus léis an ráthaíocht seo ar | | | | | | | | | Dar dáta | | | | | | | | |

Síniú Údaraithe | | Stádas | |

LAETHANTA A BHFUIL ÍOC DLEACHTANNA AGUS CÁNACHA IARCHURTHA CHUIGE

CINEÁL NA DLEACHTA / NA CÁNACH	LÁ A BHFUIL AN DLITEANAS IARCHURTHA CHUIGE
Dleachtanna Custam AE agus tobhaigh iníoctha ag tráth na hiompórtála nó na heaspórtála, agus Cáin Bhreisluacha (CBL) iníoctha ag tráth na hiompórtála (seachas CBL ar earraí faoi réir na Cánach ar Tháirgí Alcóil).	An cúigiú lá déag den mhí tar éis na míosa ina bhfuil an dleacht/cáin iníoctha. Sa chás go dtiteann sé seo ar lá nach lá oibre é, an lá cuí ná an chéad lá oibre eile.
Cáin Cláraithe Feithiclí (CCF).	An cúigiú lá déag den mhí tar éis na míosa ina bhfuil an cháin iníoctha. Sa chás go dtiteann sé seo ar lá nach lá oibre é, an lá cuí ná an lá oibre roimhe.
Cáin ar Tháirgí Alcóil agus CBL ar tháirgí faoi réir na Cánach ar Tháirgí Alcóil.	• Ceithre lá oibre roimh an 25 Nollaig i ndáil le cáin iníoctha i mí na Samhna. • An dara lá oibre deiridh den mhí ina dhiaidh i ndáil le cáin iníoctha le linn míonna seachas mí na Samhna.
Cáin ar Tháirgí Tobac (gan cáin san áireamh a íoctar le Stampaí Cánach).	• Ceithre lá oibre roimh an 25 Nollaig i ndáil le cáin iníoctha i mí na Samhna. • Ceithre lá oibre roimh 25 Nollaig i ndáil le leath den dliteanas measta do mhí na Nollag. • An dara lá oibre deiridh den mhí ina dhiaidh i ndáil le cáin iníoctha i ngach cúinse eile.

Chun teagmháil a dhéanamh leis an Aonad Cuntasaíochta ríomhChustaim, bain úsáid as an tseirbhís '**M'Fhiosruithe**' atá ar fáil ar mo**Chúrsaí** nó ar ROS:

- sínigh isteach ar M'Fhiosruithe
- roghnaigh 'Cuir fiosrú nua leis'
- sa rannán 'Baineann m'Fhiosrú le', cuir isteach 'Custaim'
- sa rannán 'Agus Níos Beaichte', cuir isteach 'Cuntais ríomhChustaim'.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó leis an dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil i bhformáid cóipe crua ach é a iarraidh.